Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Deireadh Fómhair 2025 (OR. en)**

**14202/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0326 (COD)**

**SOC 677**
**EMPL 444**
**EDUC 389**
**JEUN 216**
**ECOFIN 1366**
**JAI 1475**
**CODEC 1571**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 2 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 583 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN maidir le cur chun feidhme, torthaí agus measúnú foriomlán na Bliana Eorpaí um Scileanna |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 583 final.

Faoi iamh: COM(2025) 583 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.10.2025
COM(2025) 583 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**maidir le cur chun feidhme, torthaí agus measúnú foriomlán na Bliana Eorpaí um Scileanna**

{SWD(2025) 283 final}

## 1. Réamhrá

D’fhógair Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh an Bhliain Eorpach um Scileanna (an ‘Bhliain’) ina hAitheasc ar Staid an Aontais 2022 mar fhreagairt ar na ganntanais chriticiúla saothair agus scileanna san Eoraip: ‘*Is dúshlán do chuideachtaí na hEorpa í an easpa foirne. Ní mór dúinn i bhfad níos mó infheistíochta a dhéanamh san oiliúint agus san oideachas breise.* ***Is é sin an fáth a bhfuilim ag beartú go ndéanfaí de 2023 an Bhliain Eorpach um Scileanna***.’

Níl oibrithe oilte([1]) ag beagnach trí cheathrú (74 %) d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus tá 42 ghairm ina bhfuil ganntanais den sórt sin ar fud earnálacha éagsúla den gheilleagar([2]) sainaitheanta ag an gCoimisiún. Meastar go mbeidh scileanna digiteacha ag teastáil ó 90 % de na poist([3]) . Mar sin féin, níl na scileanna digiteacha is gá le haghaidh fhormhór na bpost ag os cionn aon trian den lucht saothair. Chomh maith leis na ganntanais sin, tá bearna oiliúna ann agus tá sí ag dul i méid, ós rud é nach mbíonn ach 39.5 % de dhaoine fásta rannpháirteach san oiliúint gach bliain([4]) . D’ainneoin na ndúshlán sin, tá deiseanna ann, agus tá coinne le méadú mór ar phoist in earnálacha glasa agus digiteacha, agus tá coinne le 3.5 milliún post nua([5]) . Tá acmhainneacht mhór neamhshaothraithe ann freisin i measc grúpaí faoi ghannionadaíocht, amhail mná, daoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna), oibrithe ar bheagán oiliúna, oibrithe scothaosta agus daoine faoi mhíchumas.

Tugtar forbhreathnú sa tuarascáil seo ar chur chun feidhme agus torthaí na Bliana, i gcomhréir le hAirteagal 7 de Chinneadh (AE) 2023/936 (an Cinneadh maidir leis an mBliain Eorpach um Scileanna). Tá doiciméad inmheánach oibre ag gabháil leis an tuarascáil seo, ina mionsonraítear cur chun feidhme, torthaí agus gníomhaíochtaí na Bliana amach anseo.

## 2. Torthaí beartais agus smaointe atá ag teacht chun cinn

Ba é cuspóir foriomlán na Bliana **meon uas-scilithe agus athscilithe a chur chun cinn**. Chun é sin a bhaint amach, bhí sé d’aidhm ag an mBliain infheistíocht a chur chun cinn, ábharthacht scileanna a mhéadú trí chomhar, deiseanna oiliúna a chur ar fáil do dhaoine, agus tallann a mhealladh.

Is éard a bhí sa Bhliain **plé beartais cuimsitheach ar feadh na bliana** le páirtithe leasmhara maidir le ról na scileanna agus na mbeartas scileanna. Léiríodh sa díospóireacht go bhfuil **dúshláin chomhchosúla roimh thíortha na hEorpa** mar gheall ar athrú tapa teicneolaíoch, aosú déimeagrafach agus laghdú ar lucht saothair an Aontais, chomh maith leis an ngá atá le héiceachórais thionsclaíocha agus slabhraí soláthair athléimneacha. Tá comhdhearcadh ginearálta ann go méadaíonn na treochtaí sin an gá atá le lucht saothair níos oilte san Eoraip, a bheidh in ann freagairt do na hathruithe tapa ar riachtanais scileanna.

### 2.1 Scileanna le haghaidh iomaíochas na hEorpa

Cuireadh i dtábhacht sa chomhrá bliana gur **sócmhainn straitéiseach iad scileanna do tháirgiúlacht na hEorpa agus gur cumasóir trasnach fíor-riachtanach iad atá ina bhonn taca ag an iomaíochas** ar fud na n-earnálacha eacnamaíocha uile, lena n-áirítear le haghaidh na n-aistrithe glasa agus digiteacha, mar a

([1]) Eorabharaiméadar
([2]) Plean gníomhaíochta
([3]) Litearthacht dhigiteach
([4]) Comhthéacs an bheartais - Oideachas agus oiliúint - Eurostat
([5]) COM/2023/652

léirítear sa chompás iomaíochais([6]) . Luadh an teachtaireacht sin arís agus arís eile le linn na Bliana, rud a chruthaigh móiminteam chun scileanna a chomhtháthú i raon leathan beartas **i mbreis agus 190 tionscnamh nua**([7]) , a baineadh amach trí chomhar láidir ar fud institiúidí an Aontais.

**Thug an Bhliain scileanna chun tosaigh i gclár oibre polaitiúil an Aontais**. Luadh scileanna sna tionscnaimh uile a cuireadh síos i gclár oibre 2024 an Choimisiúin([8]) seachas i dtionscnamh amháin agus luadh iad sna Treoirlínte Polaitiúla do shainordú an Choimisiúin 2024-2029.

Athdhearbhaíodh gné **idirdhisciplíneach na scileanna** ar leibhéal na n-airí, agus ghlac an Chomhairle Iomaíochais conclúidí maidir le 'tionscal Eorpach iomaíoch a spreagann ár dtodhchaí ghlas, dhigiteach agus athléimneach' agus 'margadh aonair chun tairbhe do chách' i mí na Bealtaine 2024.

Le linn na Bliana, chuir na páirtithe leasmhara i dtábhacht an géarghá atá le borradh a chur faoi **scileanna don aistriú glas agus don aistriú digiteach**.. Chuir an Coimisiún **Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais** i láthair agus ghlac sé anGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, lena ndéantar foráil maidir le hacadaimh um an tionscal glan-nialasachta a sheoladh chun oibrithe a uas-sciliú agus a athsciliú i dteicneolaíochtaí straitéiseacha amhail ceallraí, grianfhuinneamh, hidrigin, amhábhair agus cumhacht ghaoithe. Tá sé d'aidhm ag an acadamh 100 000 oibrí a uas-sciliú agus a athsciliú laistigh de 3 bliana tar éis a sheolta.

Réitigh fógra na Bliana an bealach chun **Pacáiste um Oideachas agus Scileanna Digiteacha** a ghlacadh i mí Aibreáin 2023. Áiríodh ann tograí le haghaidh **Moltaí ón gComhairle** maidir leis na príomhthosca cumasúcháin le haghaidh oideachas agus oiliúint rathúil agus maidir le feabhas a chur ar sholáthar scileanna agus inniúlachtaí digiteacha san oideachas agus san oiliúint, a ghlac an Chomhairle i mí na Samhna 2023. Bunaíodh **acadaimh um scileanna digiteacha** mar chuid den Bhliain chun feabhas a chur ar chomhordú an tsoláthair oiliúna sa chibearshlándáil, sa ríomhaireacht ardfheidhmíochta agus i leathsheoltóirí.

Tá dlúthbhaint ag an g**Comhshocrú um Scileanna** leis an Straitéis Eorpach maidir le tionsclaíocht, agus chuidigh an Comhshocrú um Scileanna le hoibrithe a uas-sciliú agus a athsciliú ar fud na hEorpa mar fhreagairt ar riachtanais mhéadaitheacha na dtionscal. Tháinig méadú ar an gComhshocrú go 20 comhpháirtíocht mhórscála ar fud 14 éiceachóras thionsclaíocha. Ó bhí 2022 ann, chuidigh sé le hoiliúint a chur ar 3.5 milliún duine, le gealltanais 25 mhilliún duine a uas-sciliú agus a athsciliú faoi 2030.

Chuir roinnt tionscnamh eile **borradh faoi scileanna earnáilsonracha**. Leis an athbhreithniú ar na treoracha maidir le fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh, leathnaíodh an tacaíocht do scileanna deimhnithe maidir le **fuinneamh glan**. Leis an tionscnamh BUILD UP Skills rinneadh gairmithe a uas-sciliú chun feabhas a chur ar **éifeachtúlacht fuinnimh** foirgneamh i 15 Bhallstát. Chun an líon **speisialtóirí TFC** a mhéadú, tá oiliúint speisialaithe á cistiú ag an gclár don Eoraip Dhigiteach. Cuirtear le **Clár EU4Health** oiliúint ar fáil d'oibrithe sláinte atá dírithe ar scileanna digiteacha. Tacaíonn **ComPAct** le riaracháin poiblí an Aontais chun a bheith níos oilte. Bhí scileanna ina bpríomhréimse fócais do **44 choiste an Aontais um idirphlé earnála** a chuir gníomhaíochtaí chun feidhme, a d'eisigh ráitis nó a phléigh na

---

([6]) COM(2025) 30

([7]) Gníomhaíochtaí reachtacha agus neamhreachtacha an Aontais, glaonna ar thograí, imeachtaí, tionscadail agus foilseacháin.

([8]) I gcomparáid le níos lú ná leath in 2022 agus 2023.

riachtanais earnála níos leithne maidir le forbairt scileanna mar fhreagairt ar thimpeallachtaí tionscail atá ag athrú.

Tá **gairmoideachas agus gairmoiliúint** lárnach maidir le haghaidh a thabhairt ar bhearnaí saothair agus scileanna in earnálacha straitéiseacha, chomh maith leis na haistrithe glasa agus digiteacha a thiomáint, agus cuireadh borradh faoi trí ghlaonna Erasmus+ in 2023 agus 2024. Bhí na glaonna sin dírithe ar tharraingteacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, ar shoghluaisteacht mhéadaithe printíseachta, ar athsciliú oibrithe, ar mhná sa Teicneolaíocht Ghlas, ar mhicridhintiúir agus ar chlárlanna margaidh saothair.

### 2.2 Infheistíocht a dhéanamh i scileanna

Tháinig dearcadh coiteann chun cinn le linn na Bliana gur **príomhghné den fhás iad na scileanna**, lena gcumhachtaítear daoine aonair agus lena méadaítear táirgiúlacht gnólachtaí. Tá os cionn **EUR 150 billiún** á infheistiú ag an Aontas san oideachas agus i scileanna([9]) . **Meastar go gcuirfidh infheistíocht an Aontais i scileanna borradh faoin bhfostaíocht agus faoin olltáirgeacht intíre** (OTI). D'fhéadfadh méadú 0.1 pointe céatadáin ar infheistíocht scileanna d'oibrithe óga an fhostaíocht fhoriomlán a mhéadú faoi 0.25 % agus OTI a mhéadú faoi thart ar 0.18 % san fhadtéarma, rud a sháródh an infheistíocht tosaigh([10]) .

Spreag an Bhliain machnamh ar an g**caoi a n-infheistítear cistiú i scileanna**, agus aithníodh gur **cheart breathnú ar scileanna mar infheistíocht seachas mar chostas**. Bhí straitéisí chun **tionchar na n-infheistíochtaí scileanna** a uasmhéadú lárnach sa phlé sin. Chun tuiscint níos fearr a fháil ar an ról atá ag infheistíocht scileanna táirgiúlacht a chur chun cinn, comhaontaíodh go bhfuil gá le **tomhas costasbhunaithe feabhsaithe** ar a tionchar([11]). Tugadh aird freisin ar **fheabhas a chur ar rochtain ar chistiú**, go háirithe do FBManna. I mí na Bealtaine 2023, léiríodh i bhFlais-Eorabharaiméadar go ndéanann ganntanais scileanna difear mór do FBManna, rud a chuir i dtábhacht an **gá atá le tacaíocht spriocdhírithe**. Ina dhiaidh sin, glacadh an Pacáiste Fóirithinte do FBManna i mí Mheán Fómhair 2023.

Deimhníodh freisin gur **catalaíoch** é cistiú ón Aontas, rud a mheallann foinsí eile cistiúcháin agus a éascaíonn tástáil cineálacha cur chuige nua nuálach maidir le forbairt scileanna a mhaoiniú, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí. Le linn na Bliana, lean **comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí** amhail an Comhshocrú um Scileanna, Comhghuaillíochtaí Treoirphlean, Ionaid Barr Feabhais Gairme, agus Acadaimh Scileanna, d'infheistíocht chomhpháirteach san uas-sciliú a chur chun cinn. Seoladh thart ar 15 **Ionad Barr Feabhais Gairme** in 2024 agus tháinig méadú mór ar an g**Comhaontas Eorpach do Phrintíseachtaí**, a raibh 450 gealltanas, 40 gealltanas náisiúnta, agus 2.5 milliún tairiscint printíseachta mar thoradh air.

### 2.3 Gníomhaíocht chomhpháirteach maidir le scileanna

Nochtadh sa díospóireacht le linn na Bliana castacht an rialachais scileanna, agus an gá atá le **comhordú agus comhar éifeachtach ar fud réimsí tionsclaíocha, margaidh saothair, oideachais agus réimsí beartais eile**.

([9]) Faoi Chiste Sóisialta na hEorpa Plus, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, Erasmus+, InvestEU, an Ciste um Aistriú Cóir, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Eoraip Dhigiteach agus cistí eile – féach an doiciméad inmheánach oibre.
([10]) Athbhreithniú ar Fhostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip
([11]) I dtreoraíocht , leagtar amach creat le haghaidh cuntas satailíte maidir le caiteachas oideachais agus oiliúna.

Chothaigh **an Bhliain** comhar ar leibhéil éagsúla([12]) . Bhí ról lárnach ag **comhordaitheoirí náisiúnta** ar an leibhéal náisiúnta maidir le **cineálacha cur chuige uile-rialtais** i leith rialachas scileanna a chur chun cinn. **Cruthaíodh comhlachtaí rialachais agus páirtithe leasmhara nua nó feabhsaithe** i roinnt tíortha([13]) . D'éascaigh an Bhliain comhar níos dlúithe idir tíortha, mar shampla, shínigh an Ghréig agus an Chipir([14]) Meabhrán Tuisceana. Is léiriú cumhachtach é an Ráiteas Comhpháirteach ó Chomhordaitheoirí Náisiúnta na Bliana Eorpaí um Scileanna ar ghealltanas na gcomhordaitheoirí náisiúnta leanúint de bheith ag obair go dlúth ar scileanna, lena n-áirithítear go gcoinneofar an móiminteam a chruthófar leis an mBliain agus go gcuirfear leis an móiminteam amach anseo.

Chuir an Bhliain i dtábhacht freisin ról lárnach an **idirphlé shóisialta** maidir le forbairt scileanna agus maidir le tacú le hoibrithe agus le cuideachtaí dul i ngleic leis na haistrithe glasa agus digiteacha araon([15]) . Arna thionscnamh ag Uachtaránacht na Spáinne, shínigh Uachtaránachtaí na Comhairle([16]) , an Coimisiún agus comhpháirtithe sóisialta an Aontais([17]) Ráiteas Comhpháirteach Trípháirteach Barcelona an 19 Deireadh Fómhair 2023 lena gcuirtear comhpháirtíocht thrípháirteach chun cinn maidir leis an mBliain a chur chun feidhme agus forbairt scileanna níos leithne a chumasú. Bhí an **chomhpháirtíocht thrípháirteach** i gcroílár chur chun feidhme na Bliana in go leor tíortha freisin([18]) .

Le linn comhráite leis na comhpháirtithe sóisialta agus le páirtithe leasmhara eile, cuireadh i dtábhacht go raibh gá le gníomhaíocht chun dul i ngleic le **cúiseanna níos leithne le ganntanais saothair agus scileanna**, amhail drochdhálaí oibre in earnálacha áirithe, drochbhainistiú acmhainní daonna([19]) nó easpa cúraim luath-óige inacmhainne. Tar éis Chruinniú Mullaigh na gComhpháirtithe Sóisialta in Val Duchesset, chuir an Coimisiún **plean gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna** i mí an Mhárta 2024, plean a ullmhaíodh i gcomhairle le comhpháirtithe sóisialta an Aontais. Rinne an Coimisiún togra freisin le haghaidh Treoir maidir le dálaí oibre oiliúnaithe a fheabhsú agus a fhorfheidhmiú agus togra chun athbhreithniú a dhéanamh ar Mholadh 2014 ón gComhairle maidir le Creat Cáilíochta le haghaidh Tréimhsí Oiliúna chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna cáilíochta agus cuimsitheachta.

Labhair na páirtithe leasmhara amach faoin ngá atá le **riachtanais scileanna a réamh-mheas ar bhealach níos fearr** agus chuir siad i dtábhacht go bhfuil **cineálacha cur chuige áitiúil agus earnála**, chomh maith le comhar láidir le páirtithe leasmhara, ríthábhachtach chun a áirithiú go bhfuil **faisnéis scileanna** ábhartha agus inghníomhaithe. Sheol an Coimisiún an uirlis treochta post agus scileanna **Europass** le linn na Bliana agus d'fhoilsigh sé leagan nua den Aicmiú Eorpach Scileanna, Inniúlachtaí, Cáilíochtaí agus Gairmeacha

([12]) Chomhaontaigh 76 % de fhreagróirí an tsuirbhé tar éis na Bliana Eorpaí um Scileanna gur chothaigh an Bhliain comhar.
([13]) An Danmhairg, Éire, an Spáinn, an Fhrainc, an Chipir, Málta, an Ostair, an Pholainn, an tSlóvaic agus an Fhionlainn.
([14]) Seirbhís Phoiblí Fostaíochta na Gréige agus Údarás Forbartha Acmhainní Daonna na Cipire.
([15]) Tuairim
([16]) An Bheilg, an Spáinn, an tSualainn.
([17]) CEC, Business Europe, SGI Europe agus SMEunited.
([18]) An Bheilg, an Bhulgáir, an Danmhairg, an Ghearmáin, Éire, an Spáinn, an Chipir, an Laitvia, Lucsamburg, an Ísiltír, an Ostair, an tSlóivéin, an Iorua agus an Úcráin.
([19]) Athbhreithniú ar Fhostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip

agus den Chreat Eorpach um Scileanna Cibearshlándála. ResearchComp, an Creat Inniúlachta Eorpach do Thaighdeoirí, seoladh é i mí Iúil 2023. D'oibrigh roinnt tíortha ar fhaisnéis scileanna le linn na Bliana([20]) .

Chuir an Coimisiún , i gcomhar le Coiste Eorpach na Réigiún, i dtábhacht **cineálacha cur chuige áitiúla** maidir le forbairt scileanna([21]) . I mí Eanáir 2023, glacadh an **Teachtaireacht maidir le Leas a bhaint as an Tallann i Réigiúin na hEorpa** . Chun cuidiú le réigiúin tallann a mhealladh, a oiliúint agus a choinneáil, sheol an Coimisiún **an Sásra chun cur leis an Tallann** agus a **Ardán um an Tallann a chur chun tairbhe**.

**Mheall an Bhliain spéis dhomhanda**, rud a chuir dúshláin chomhroinnte agus an gá atá le comhar idirnáisiúnta i dtábhacht. Tá ról tábhachtach glactha ag an gCoimisiún Eorpach maidir le hoideachas agus scileanna a chur chun cinn i gcaidreamh seachtrach an Aontais. Is príomhthosaíochtaí infheistíochta iad na réimsí sin in infheistíocht Global Gateway de chuid an Aontais. Bhí an Bhliain mar chuid d'imeachtaí ardleibhéil amhail COP28 agus spreag sí Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN) Bliain um Scileanna a sheoladh in 2025. Spreag Tascfhórsa na Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta um Thallann don Fhás comhar idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe maidir le scileanna don fhás eacnamaíoch; chuir sé ráiteas comhpháirteach críochnaitheach i láthair. Bhí roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS), an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO), agus WorldSkills rannpháirteach go gníomhach le linn na Bliana.

### 2.4 Daoine aonair a chumhachtú

Bhí cumhachtú daoine aonair trí **mheon uas-scilithe agus athscilithe** a chur chun cinn i gcroílár na Bliana, rud a chuir ar a gcumas do gach duine a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach sa mhargadh saothair agus sa tsochaí.

Thosaigh 14 Bhallstát([22]) áirithe ag úsáid cistiú ón Aontas chun **cuntais foghlama aonair** a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Is féidir le cuntais foghlama phearsanta cuidiú leis an gceart chun oiliúna a chur i gcrích sa chleachtas.

Tháinig **gairmoideachas agus gairmoiliúint** chun cinn mar ábhar lárnach eile. Chuir na páirtithe leasmhara i dtábhacht go comhsheasmhach an gá atá lena tharraingteacht, lena cháilíocht agus lena aitheantas a mhéadú.

Le linn na Bliana, labhair na páirtithe leasmhara amach faoi chumhachtú lenar méadaíodh **spreagadh** agus lenar cuireadh feabhas ar **rochtain ar oiliúint ardcháilíochta** in áiteanna oibre agus níos faide i gcéin. Lasmuigh de scileanna a bhaineann go sonrach le post, measadh go raibh sé tábhachtach **scileanna digiteacha, idirdhisciplíneacha agus saoil** a thabhairt do dhaoine amhail athléimneacht, smaointeoireacht chriticiúil, litearthacht airgeadais, litearthacht sna meáin agus litearthacht daonlathais. Tá sé sin ábhartha go háirithe mar gheall ar na treochtaí geopholaitiúla agus aeráide, an méadú ar ábhar a ghintear leis an

---

([20]) An Bhulgáir, an Ghearmáin, an Eastóin, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ostair, an Phortaingéil, an tSlóivéin.

([21]) Rún

([22]) Dhírigh an Fhrainc agus an Liotuáin ar tuilleadh feabhais a chur ar scéimeanna maidir le cuntais foghlama aonair. Tá siad á bhforbairt ag an mBeilg, ag an tSeicia, ag an nGearmáin, ag an nGréig, ag an Spáinn, ag an gCróit, ag an gCipir, ag an Laitvia, ag an Ungáir, ag an bPolainn, ag an Rómáin agus ag an tSlóvaic.

intleacht shaorga agus ionramháil ar fhaisnéis. D'fhormheas an Chomhairle conclúidí maidir le litearthacht airgeadais i mí na Bealtaine 2024. Cuireadh i dtábhacht an phráinn a bhaineann le hinfheistíocht a dhéanamh i m**bunscileanna**([23]).

Le linn na Bliana, ba phointe athfhillteach é **nár cheart aon duine a fhágáil ar lár**, dá bhrí sin, tá gá le **réitigh shaincheaptha** agus le treoraíocht chun tacú le daoine aonair. Léiríodh i bplé na Bliana bearnaí i soláthar seirbhísí treoraíochta, cé gur cuireadh i dtábhacht ann freisin dea-chleachtais i roinnt tíortha([24]).

Díríodh go sonrach ar mhná, NEETanna, daoine faoi mhíchumas agus daoine ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste i dtionscnaimh éagsúla. Áiríodh leo sin: i) glao an Choimisiúin ar thograí le haghaidh nuálaíochtaí sóisialta chun daoine óga leochaileacha a uas-sciliú; ii) an tionscnamh 'Beartaigh, Foghlaim, Máistrigh, Gnóthaigh' (ALMA), a chuidíonn le breis agus 800 NEET óg leochaileach ath-imeascadh sa mhargadh fostaíochta nó deiseanna oideachais agus oiliúna a aimsiú; agus iii) tionscadail faoi stiúir daoine óga faoin scéim Youth4OutermostRegions.

I gcomhthéacs ina bhfuil méadú na táirgiúlachta ríthábhachtach do thodhchaí an Aontais, **ba cheart meas a bheith ar na scileanna uile** i margaí saothair. Le linn na Bliana, tugadh aird ar **chineálacha cur chuige bunaithe ar scileanna** maidir le hearcaíocht agus forbairt foirne (ar a dtugtar 'tús áite do scileanna' freisin) mar chumasóir d'fhostóirí leas a bhaint as linn tallainne níos leithne agus do dhaoine a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach. Is féidir na cineálacha cur chuige sin a chomhlánú le deiseanna le haghaidh **bailíochtú scileanna**, rud a fhágfaidh go mbeidh an fhoghlaim sheachfhoirmiúil agus an fhoghlaim neamhfhoirmiúil infheicthe.

D'aithin páirtithe leasmhara an luach a bhaineann le **digitiú agus micridhintiúir** chun tacú leis na hiarrachtaí sin agus cuidiú le daoine aonair ina ngairmeacha ar bhonn níos leithne. Deimhníodh i meastóireachtaí i mí an Mhárta 2024 ar an **Moladh maidir leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí** agus ar **Chinneadh Europass([25]**) go méadaíonn na tionscnaimh trédhearcacht agus comhthuiscint ar cháilíochtaí agus scileanna agus muinín astu.

**2.5 Tallann a mhealladh**

Meabhraíodh i ndíospóireacht na Bliana freisin go mbeidh tionchar ag a inniúlacht **tallann dhomhanda a mhealladh** ar iomaíochas an Aontais agus spreag sé comhráite maidir le conas an méid seo a leanas a dhéanamh: i) aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí agus bailíochtú scileanna a fuarthas thar lear a éascú; ii)an ró-rialáil gairmeacha ar an leibhéal náisiúnta agus ualaí riaracháin a laghdú; iii) coinníollacha oiriúnacha a chruthú lena gcumasófar tallann ó thríú tíortha atá i ngairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe a earcú agus a choinneáil; agus iv) comhpháirtíochtaí le tríú tíortha a neartú chun deiseanna soghluaisteachta an lucht saothair a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh a chruthú agus chun bealaí dlíthiúla a bhunú.

Chun an tAontas a dhéanamh níos tarraingtí do thallann thar lear, agus an tsoghluaisteacht a shimpliú laistigh den Aontas, i mí na Samhna 2023, ghlac an Coimisiún an Pacáiste Soghluaisteachta Scileanna agus

---

Tugadh rabhadh in ([23]) PISA 2022 faoi laghdú ar bhunscileanna.
([24]) An Bheilg (Flóndras), an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an tSlóivéin agus an Úcráin.
([25]) Cinneadh (AE) 2018/646 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018 maidir le creat coiteann le haghaidh soláthar seirbhísí níos fearr do scileanna agus do cháilíochtaí (Europass) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2241/2004/CE.

Tallainne ina bhfuil Teachtaireacht maidir le Soghluaisteacht Scileanna agus Tallainne atá uileghabhálach mar aon le togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, agus Moladh ón gCoimisiún maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí na náisiúnach tríú tír. Réitíodh leo an bealach chun Moladh ón gComhairle maidir le 'An Eoraip ag Bogadh' maidir le deiseanna soghluaisteachta foghlama do chách a ghlacadh an 13 Bealtaine 2024. Neartaíodh Comhpháirtíochtaí Tallainne le Maracó, leis an Túinéis, leis an Éigipt, leis an bPacastáin agus leis an mBanglaidéis freisin chun borradh a chur faoin tsoghluaisteacht idirnáisiúnta agus faoin bhforbairt scileanna idir an tAontas agus na tíortha comhpháirtíochta a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh.

**3. Cur chun feidhme**

Is iomaí cineál comhrá a bhí sa Bhliain – feachtas cumarsáide, na mílte imeachtaí, agus go leor deiseanna rannpháirtíochta fairsinge do pháirtithe leasmhara agus do shaoránaigh ar fud na hEorpa([26]).

**3.1 Rialachas**

Iarracht idirinstitiúideach ar leibhéal an Aontais ab ea an Bhliain a rinne an Coimisiún agus a ghníomhaireachtaí, Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh, Coiste Eorpach na Réigiún agus ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE).

Bhí an Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú (AS EMPL) i gceannas ar a chur chun feidhme i ndlúthchomhar le ranna eile an Choimisiúin.

Cuireadh an Bhliain chun feidhme ar bhealach díláraithe agus comhoibríoch. Cheap 38 dtír ar an iomlán, lena n-áirítear na Ballstáit uile den Aontas Eorpach, comhordaitheoir náisiúnta. Bhí ról lárnach ag comhordaitheoirí náisiúnta.

**3.2 Acmhainní**

Úsáideadh na hacmhainní leithdháilte le haghaidh an fheachtais cumarsáide (EUR 6.75 milliún), eagrú imeachtaí suaitheanta, cruinnithe le comhordaitheoirí náisiúnta agus saineolaithe (EUR 0.935 milliún), agus staidéir ábhartha (EUR 0.106 milliún).

**3.3 Feachtas cumarsáide**

D'eagraigh an Coimisiún feachtas cumarsáide ar leibhéal an Aontais, lenar díríodh ar fhostóirí (FBManna go príomha), ar ghairmithe, ar chuardaitheoirí poist, ar NEETanna, ar lucht ceaptha beartas, ar pháirtithe leasmhara agus ar sholáthraithe oiliúna.

Áiríodh san ábhar cumarsáide cuimsitheach a cuireadh ar fáil do na Ballstáit uile den Aontas Eorpach, ina dteangacha féin sainaitheantas físeach, **suíomh gréasáin** idirinstitiúideach, agus bosca uirlisí cumarsáide, lena gcuirtear ábhair fógraíochta, cur i láthair agus sócmhainní meán sóisialta ar fáil atá réidh le húsáid. Cuireadh an **haischlib #EuropeanYearOfSkills** chun cinn agus úsáideadh é breis agus 14 000 uair([27]).

([26]) Leis an togra le haghaidh Cinneadh maidir leis an mBliain Eorpach um Scileanna, leagtar síos an líon imeachtaí mar príomhtháscaire feidhmíochta (PTF). Sainmhíníodh PTFanna eile i straitéis chumarsáide na Bliana.
([27]) 14 200 uair a luadh é ón 9 Bealtaine 2023 go dtí an 8 Bealtaine 2024.

Bhí na páirtithe leasmhara ina bpríomhiolraitheoirí. Bhí 61 mhilliún amharc ag beagnach 7 000 post, rud a léirigh gur spreag an Bhliain díospóireacht phoiblí.

Chun turais uas-scilithe agus athscilithe a chur chun cinn, bhí 200 scéal aonair ó 30 tír, mar aon le físeánsa tionscadal ' Real People, Real Skills'.




Físeán d'Real People Real Skills

Bhí na torthaí seo a leanas ar iarrachtaí cumarsáide, a rinneadh ar leibhéil éagsúla:


EUROPEAN YEAR OF SKILLS

| | i milliúin |
|---|---|
| Sroicheadh lucht féachana le fógra teilifíse i gcúig thír[28] | **41** |
| Clúdach comhcheangailte fógraíochta íoctha ar na meáin shóisialta, lena n-áirítear Facebook (58 milliún), Instagram (10.2 milliún) agus LinkedIn (860 000) | **69** |
| Amhairc leathanaigh ar shuíomh gréasáin an fheachtais | **3.6** |
| Amhairc físeáin an fheachtais ar YouTube | **69** |

[28] Aithníodh go raibh na riachtanais chumarsáide is airde ag an mBulgáir, ag an nGréig, ag an Spáinn, ag an Iodáil, agus ag an Rómáin.

| | |
|---|---|
| Amhairc físeáin ar an ardán cluichíochta Twitch | **21.4** |
| Léitheoirí a sroicheadh trí 64 chomhpháirtíocht náisiúnta leis na meáin | **10.1** |
| Daoine a shroich 32 thionchaire meán sóisialta íoctha | **3.01** |
| Daoine a chonaic fógraí amuigh faoin aer sa Bhruiséil lena n-áirítear an t-aerfort | **4** |

**Daoine a chonaic gníomhaíochtaí agus tionscnaimh na Bliana Eorpaí um Scileanna nó a chuala fúthu:**




Torthaí shuirbhé na saoránach

### 3.4 Imeachtaí

I rith na Bliana, bhí **os cionn** **2 100 imeacht** **i 42 thír**, lena n-áirítear na Ballstáit uile den Aontas Eorpach. Léirigh siad sin an méid rannpháirtíochta a rinneadh chun scileanna a chur chun cinn i gcomhthéacsanna éagsúla. Ba iad institiúidí, gníomhaireachtaí, líonraí, údaráis náisiúnta, páirtithe leasmhara agus saoránaigh an Aontais a d'eagraigh iad sin.

Bhí gníomhaíochtaí na Bliana dírithe ar **shé imeacht shuaitheanta**, agus dhírigh gach ceann acu ar phríomhphobail meáin agus ar phríomhchuspóirí. Áiríodh leo sin:

- Féile na Bliana Eorpaí um Scileanna an 9 Bealtaine 2023 agus a raibh 7 300 amharc aici;
- an Comhdháil 'Making Skills Count' an 8-9 Meitheamh 2023 agus a raibh 1 300 rannpháirtí ann;
- an tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme ón 23-27 Deireadh Fómhair 2023 agus a raibh 500 imeacht náisiúnta agus réigiúnacha aici;
- an Fóram Eorpach um Fhostaíocht agus um Chearta Sóisialta 2023 an 16-17 Samhain 2023 a raibh 2 200 rannpháirtí ann;

- an t-imeacht 'Meet the Champions of Excellence' a eagraíodh i gcomhar le CESE an 23 Feabhra 2024 agus a raibh 800 rannpháirtí ann; agus
- The European Year of Skills – What Comes Next? an 30 Aibreán 2024 agus a raibh 1 400 rannpháirtí ann;

Tionóladh sraith **cúig chruinniú saineolaithe** ina raibh plé straitéiseach maidir le maoiniú scileanna, faisnéis scileanna, cineálacha cur chuige 'tús áite do scileanna', scileanna ar an leibhéal réigiúnach ( a eagraíodh i gcomhar le Coiste Eorpach na Réigiún), agus iniúchadh a dhéanamh ar thodhchaí Eoraip oilte trí chleachtadh fadbhreathnaitheachta([29]).

Cuireadh i dtábhacht na scileanna ar fud na n-earnálacha eacnamaíocha uile, i measc nithe eile, i leaganacha 2023-2024 ar Seachtain Ghlas an Aontais, an tSeachtain Eorpach um Fhuinneamh Inbhuanaithe, Seachtain Chóid an Aontais Eorpaigh, Fóram Eorpach um Imirce, Seachtain Eorpach na Réigiún agus na gCathracha, Cruinniú Eorpach um an Óige, Seachtain Eorpach na hÓige, agus i gcomhdháil maidir le forbairt scileanna trí athchóirithe.

Neartaigh institiúidí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais na hiarrachtaí sin. D'oibrigh **Parlaimint na hEorpa** i gcomhar le cúig **ghníomhaireacht de chuid an Aontais** chun an t-imeacht 'Skills, skills, skills!' a óstáil an 20 Meán Fómhair 2023. D'eagraigh **Cedefop** 14 imeacht agus ghlac sé páirt i mbreis agus 270 imeacht a bhain le scileanna, agus d'eagraigh an **Foras Eorpach Oiliúna** 144 imeacht. D'eagraigh **Ionadaíochtaí agus Toscaireachtaí an Choimisiúin** breis agus 270 imeacht, cruinnithe le páirtithe leasmhara ábhartha, agus gníomhaíochtaí cumarsáide faoi bhrat na Bliana.

**4. Gníomhaíocht amach anseo maidir le scileanna**

Mar a leagann Mario Draghi amach ina thuarascáil maidir le The Todhchaí Iomaíochas na hEorpa, tá géarghá le leanúint d'infheistíocht a dhéanamh i scileanna na daoine san Eoraip, chun cuidiú leo rath a bheith orthu agus iomaíochas gheilleagar na hEorpa a áirithiú ar an scála domhanda.

Tháinig na príomh-shaincheisteanna sin chun cinn ó phlé na Bliana, rud a chuirfidh le gníomhaíochtaí amach anseo maidir le scileanna:

([29]) Sonraí sa doiciméad inmheánach oibre.




An 18 Iúil 2024, chuir Uachtarán an Choimisiúin Ursula von der Leyen Treoirlínte Polaitiúla do shainordú an Choimisiúin 2024-2029 faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa. Chuir sí i dtábhacht an méid seo a leanas:




An 5 Márta 2025, ghlac an Coimisiún **Aontas na Scileanna** – fís uileghabhálach nua lena gcomhcheanglaítear beartais oideachais, oiliúna agus fostaíochta, atá i gcroílár iomaíochas na hEorpa. Is é is aidhm dó ár ndaoine a chumhachtú chun boinn láidre scileanna a fhorbairt agus páirt a ghlacadh in uas-sciliú agus athsciliú ar feadh an tsaoil ar mhaithe le saol sásúil. Cuirfidh sé sin feabhas ar iomaíochas cuideachtaí trí chuidiú leo teacht ar an tallann a theastaíonn uathu chun fás inbhuanaithe agus poist ardcháilíochta a chruthú. Cuspóir eile is ea scileanna agus cáilíochtaí a bheith trédhearcach, iontaofa agus aitheanta ar fud an Aontais, gan beann ar an áit a bhfuarthas iad.

## 5. Conclúid

**Bhí an Bhliain rathúil maidir le meon uas-scilithe agus athscilithe a chur chun cinn ar fud na hEorpa([30]) agus ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach([31]).** Tá níos mó Eorpach ar an eolas faoi bheartais scileanna([32]) agus tá siad toilteanach oiliúint a fháil([33]) .

([30]) Suirbhé na bpáirtithe leasmhara i mí an Mheithimh 2024 (747 bhfreagróir): Chomhaontaigh 84 % díobh.
([31]) Suirbhé na gComhordaitheoirí Náisiúnta i mí an Mheithimh 2024 (33 fhreagróir): Chomhaontaigh 31.
([32]) Suirbhé na bpáirtithe leasmhara i mí an Mheithimh 2024: ‘Ceapann 91 % de na freagróirí gur mhúscail an Bhliain feasacht maidir le forbairt scileanna.’ Suirbhé na saoránach i mí na Nollag 2023: ‘Tá 53 % díobh ar an eolas faoi bheartais scileanna an Aontais, i gcomparáid le 26 % roimh an mBliain’.
([33]) Suirbhé na saoránach i mí na Nollag 2023: ‘Bhí 64 % díobh siúd a chonaic an feachtas níos toilteanaí cúrsa oiliúna a dhéanamh’.

Deimhníodh go láidir sa chomhrá bliana maidir le scileanna a thábhachtaí atá sé glacadh le cultúr foghlama ar feadh an tsaoil agus córais scileanna a athrú ó bhonn. Chuige sin, tá gá le fís straitéiseach, a dtacaíonn gealltanas polaitiúil fadtéarmach, cineálacha cur chuige láidre uile-rialtais, rannpháirtíocht láidir páirtithe leasmhara agus cistiú leordhóthanach léi.

Cé go n-aithníonn páirtithe leasmhara gur túsphointe mór í an Bhliain, tá éileamh suntasach ann go leanfaí den mhóiminteam, agus aitheantas á thabhairt acu don ghá atá le hathrú buan ar an meon.

Ag féachaint chun cinn, tógfaidh an Coimisiún ar torthaí na Bliana chun cur chun feidhme tionscnamh a chur chun cinn arb é is aidhm dóibh bearnaí scileanna a dhúnadh agus ré nua an uas-scilithe agus athscilithe leanúnaigh a ghlacadh, d’fhonn Aontas na Scileanna a bhunú a thacóidh le hiomaíochas agus ullmhacht an Aontais. Oibreoidh an Coimisiún i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, le tíortha comhpháirtíochta, le comhpháirtithe sóisialta, leis an tsochaí shibhialta agus le páirtithe leasmhara eile. Cé go bhféadfadh sé gur tháinig deireadh leis an mBliain, leanfar den obair forbairt scileanna a chur chun cinn a thuilleadh, athléimneacht mhargadh saothair na hEorpa a neartú agus cuidiú le daoine saol rathúil agus sásúil a bheith acu.